Bill Clinton

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar thuairisc ar ball faoi Bill Clinton. Féach ar na focail thíos sula bhféachann tú ar an tuairisc. An bhfuil leagan Gaeilge na bhfocal sin ar eolas agat? Mura bhfuil, pléigh an scéal leis an duine in aice leat.

- *collaboration*
- *conflict*
- *crisis*
- *honorary degree*
- *reconciliation*
- *The Good Friday Agreement*
- *identity*
- *funeral* (canúint Uladh)
- *Deputy First Minister*
- *decentralised government*
- *initiative*
- *about to*

Féachaigí ar an mír uair amháin le feiceáil an raibh an ceart agaibh.

Ceist 2 Ceapann go leor daoine go bhfuil cúrsaí reatha leadránach, go háirithe scéalta polaitíochta. Cad iad na saghsanna scéalta nuachta nach gcuireann tusa aon spéis iontu? (Samplaí: scéalta spóirt, scéalta idirnáisiúnta etc.). Pléigh leis an duine in aice leat iad.

Ceist 3 Anois féachaigí ar an mír arís. Cén fáth ar luadh na daoine seo a leanas?

- Bill Clinton
- Martin McGuinness
- Michelle O'Neill
- Arlene Foster

Ceist 4 '… Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath …'

Cén Ghaeilge atá ar na hinstitiúidí seo thíos?

- *University College Dublin*
- *National University of Ireland, Maynooth*
- *National University of Ireland, Galway*
- *Trinity College*
- *Cork Institute of Technology*
- *Queen's University Belfast*

Ceist 5 an t-uachtarán **ach** an ollscoil

Cén fáth a bhfuil ‘t’ agus fleiscín roimh cheann acu agus nach bhfuil roimh an gceann eile? Pléigh an scéal leis an duine in aice leat.

An dtugann sibh patrún faoi deara sna samplaí thíos?

an t-oideachas (firinscneach)	an agóid (baininscneach)
an t-uisce (firinscneach)	an aois (baininscneach)

Cuirigí an patrún i bhfeidhm ar na focail seo a leanas.

amharclann _____
íocaíocht _____
airgead _____
eagla _____
anam _____
ainm _____
eolas _____
earnáil _____

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat.

1. An gceapann tú go raibh Bill Clinton go maith mar uachtarán ar na Stáit Aontaithe?
2. An bhfuil sé de cheart ag tíortha áirithe a ladar a chur i scéalta polaitíochta tíortha eile?
3. An bhfuil meas ag muintir an domhain ar na Stáit Aontaithe na laethanta seo, dar leat?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1
collaboration – comhoibriú
conflict – coimhlint
crisis – géarchéim
honorary degree – céim oinigh
reconciliation – athmhuintearas
The Good Friday Agreement – Comhaontú Aoine an Chéasta
identity – féiniúlacht
funeral (canúint Uladh) – tórramh (ciallaíonn sé 'wake' sna canúintí eile)
Deputy First Minister – LeasChéad-Aire
decentralised government – rialtas díláraithe
initiative – tionscnamh
about to – ar tí

Ceist 2
Cuir na foghlaimeoirí ag obair i mbeirteanna nó i ngrúpaí beaga chun an cheist seo a fhreagairt.

Ceist 3
Féach an script.

Ceist 4
University College Dublin – An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath
National University of Ireland, Maynooth – Ollscoil na hÉireann, Maigh Nuad
National University of Ireland, Galway – Ollscoil na hÉireann, Gaillimh
Trinity College – Coláiste na Tríonóide
Cork Institute of Technology – Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí
Queen's University Belfast – Ollscoil na Banríona, Béal Feirste

Ceist 5
Tá an t-ainmfhocal 'uachtarán' firinscneach agus sin an fáth a bhfuil 't' agus fleiscín roimhe nuair a thagann an t-alt 'an' roimhe sa tuiseal ainmneach uatha.
Tá an t-ainmfhocal 'ollscoil' baininscneach agus dá bhrí sin ní bhíonn 't' agus fleiscín roimhe nuair a thagann an t-alt 'an' roimhe sa tuiseal ainmneach uatha.

an amharclann
an íocaíocht
an t-airgead
an eagla
an t-anam
an t-ainm
an t-eolas
an earnáil

Ceist 6
Cuir gach beirt nó triúr ag obair le chéile chun na ceisteanna a phlé.

Eimear Ní Chonaola
Dúirt Iar-Uachtarán Stáit Aontaithe Mheiriceá, Bill Clinton, gur fearr comhoibriú ná coimhlint, agus é ag tagairt don ghéarchéim polaitíochta sa Tuaisceart. In Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, áit ar bronnadh céim oinigh air, a rinne sé a chuid cainte.

Áine Ní Ghallchóir
Siocair a róil ar son na síochána agus an athmhuintearais in Éirinn, a bhronn Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath céim oinigh ar Iar-Uachtarán Mheiriceá.

Dhírigh Bill Clinton a óráid iomlán ar an ról a bhí aige i gComhaontú Aoine an Chéasta agus dúirt sé, i dtaobh na bhfadhbanna polaitiúla ag Stormont faoi láthair, go bhfuil muid ar ais ag na crosbhealaí roimh an socrú[1] sin. Dúirt sé gur chóir do phobail a bhféiniúlacht féin a choinneáil agus gur chóir pobal a thógáil bunaithe ar chomhoibriú agus gur rogha i bhfad níos fearr sin ná coimhlint. Go deimhin, ag tórramh Martin McGuinness ocht mí ó shin, d'iarr sé ar cheannairí polaitiúla obair an Iar-LeasChéad-Aire a chur i gcrích, na hinstitiúidí polaitiúla a athbhunú agus pilleadh[2] ar rialtas díláraithe.

Chas sé le ceannairí cuid de na páirtithe ag ócáid i mBéal Feirste ina dhiaidh sin, áit ar fógraíodh tionscnamh úr oideachais atá le bunú in Ionad Clinton in Inis Ceithleann.

Ainneoin tuairimíochta agus leideanna[3] go bhfuil Sinn Féin agus an DUP ar tí margaí a dhéanamh, tá sin séanta ag Ceannaire Shinn Féin anseo, Michelle O'Neill, agus ag Ceannaire an DUP, Arlene Foster, ag rá go bhfuil níos mó oibre le déanamh, má tá socrú le bheith ann.

Áine Ní Ghallchóir, Nuacht TG4 i mBéal Feirste.

[1] *roimh an tsocraithe* a deirtear
[2] *filleadh* an leagan caighdeánach
[3] *leidí* a deirtear